**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*

**ECON_PV(2024)0923_1**

# MIONTUAIRISCÍ

**Cruinniú an 23 Meán Fómhair 2024**

**AN BHRUISÉIL**

Cuireadh tús leis an gcruinniú ar 15:00 agus ba í Aurore Lalucq, Cathaoirleach, a bhí sa chathaoir.

**1. Glacadh an chláir oibre**

**Cinneadh:** Glacadh an dréachtchlár oibre san fhoirm a léirítear sna miontuairiscí seo.

**2. Glacadh na miontuairiscí**

- 23 Iúil 2024 PV – PE763.017v01-00

**Cinneadh:** Formheasadh na miontuairiscí.

**3. Fógraí an Chathaoirligh**

***Ateangaireacht***

Rinne an Cathaoirleach fógra gairid maidir leis na saoráidí ateangaireachta a bhí ar fáil don chruinniú.

***Ceartúchán ar an Rialachán maidir leis an Staidreamh Eorpach***

I gcomhréir le Riail 251 de na Rialacha Nós Imeachta, fuair coiste ECON dréachtcheartúchán ar an Rialachán maidir leis an Staidreamh Eorpach. Scaipeadh an dréachtcheartúchán an 28 agus an 30 Lúnasa 2024 ar chomhaltaí uile ECON.

**Ba cheart aon bharúlacha a sheoladh chuig Ardrúnaíocht ECON faoin lá inniu, Dé Céadaoin, an 23 Meán Fómhair 2024, ar 18.30 ar a dhéanaí.**

Mura ndéanann ECON aon agóid, cuirfear an ceartúchán faoi bhráid an tSeisiúin Iomlánaigh. Fógrófar sa Seisiún Iomlánach (Deireadh Fómhar I) é agus measfar é a bheith formheasta ach amháin má iarrann an tairseach íseal go gcaithfí vótáil ar an gceartúchán.

***<u>Ceartúcháin ar an Athbhreithniú Sócmhainneacht II agus IRRD</u>***

I gcomhréir le Riail 251 de na Rialacha Nós Imeachta, fuair an coiste ECON dréachtcheartúcháin ar an Athbhreithniú Sócmhainneacht II agus ar an Treoir lena mbunaítear creat gnóthais árachais agus athárachais a théarnamh agus a réiteach (IRRD). Scaipeadh na dréachtcheartúcháin an 16 agus an 19 Meán Fómhair 2024 ar chomhaltaí uile ECON.

**Ba cheart aon bharúlacha a sheoladh chuig Ardrúnaíocht ECON faoin lá inniu, Dé Céadaoin, an 23 Meán Fómhair 2024, ar 18.30 ar a dhéanaí.**

Mura ndéanann ECON aon agóid, cuirfear an ceartúchán faoi bhráid an tSeisiúin Iomlánaigh. Fógrófar sa Seisiún Iomlánach (Deireadh Fómhar I) é agus measfar é a bheith formheasta ach amháin má iarrann an Tairseach Íseal go gcaithfí vótáil ar an gceartúchán.

***<u>Cruinniú na gComhordaitheoirí an 12 Meán Fómhair 2024 - Achoimre ar chinntí agus ar mholtaí</u>***

1. **Atosú gnó na Parlaiminte: gnó neamhchríochnaithe a láimhseáil agus comhaid atá ar feitheamh**

- **<u>Gnó neamhchríochnaithe</u>** Comhaontaíodh (i) an obair a leanúint ar chomhaid uile 'gan chríochnú' de chuid ECON agus (ii) na comhaid sin a choinneáil leithdháilte ar an ngrúpa polaitiúil céanna gan pointí breise a asbhaint.

- **<u>Na chéad léamh neamh-chomhaontaithe:</u>** Maidir le comhaid ECON ar thug an Pharlaimint a céad léamh i gcrích ina leith gan comhaontú leis an gComhairle roimh na toghcháin, comhaontaíodh (i) *gan* a iarraidh ar an gCoimisiún na tograí sin a tharchur chuig an bParlaimint arís i gcomhréir le Riail 62, (ii) na comhaid sin a choinneáil leithdháilte ar an ngrúpa polaitiúil céanna gan pointí breise a asbhaint agus (iii) go gcoinneoidh Irene Tinagli (S&D) rapóirtéireacht chomhad staidrimh LMB (gan pointí a asbhaint).

- **<u>Comhaid neamhghníomhacha:</u>** Bhí comhaontú ginearálta ann go ligfí do na comhaid seo a leanas dul in éag i gcomhréir le Riail 250:
    - An Sásra Eorpach um Chobhsú Infheistíochtaí 2021-2027 (*comhad BUDG-ECON*)
    - Bunú an Chiste Airgeadaíochta Eorpaigh
    - Saoráid a bhunú chun cúnamh airgeadais a sholáthar do Bhallstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu
    - Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Cheanada maidir le cur i bhfeidhm a ndlíthe iomaíochta.

Comhaontaíodh freisin gan aon athrú a dhéanamh ar an gcomhad 'Urrúis atá ráthaithe le bannaí ceannasacha', ar ar tugadh an chéad léamh i gcrích.

**<u>Tuairimí:</u>** Bhí comhaontú ginearálta ann (i) a iarraidh go réamhghníomhach ar CCC/CoP go dtabharfaí an ceart do ECON tuairim a thabhairt faoi Riail 57 nua (nó mar mhalairt air sin, 'marthanacht' a dhéanamh ar chur i bhfeidhm iar-Riail 56) maidir leis an 'gcomhad Omnibus' agus maidir le 'Scagadh infheistíochtaí coigríche'. Maidir le rapóirtéireacht do na tuairimí, ba cheart an cur chuige céanna a chur i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm do 'ghnó neamhchríochnaithe'.

## 2. Ainmniúcháin

Comhaid chánachais:

- Chomhaontaigh formhór na gComhordaitheoirí leanúint leis an gcleachtas go ndéileálann ECON le comhaid maidir le cánachas reachtach, mura gcinneann Comhordaitheoirí ECON a mhalairt.
- Comhaontaíodh go gcoinneofaí an rapóirtéireacht arna leithdháileadh ar an ngrúpa polaitiúil céanna (PPE) a mhéid a bhaineann leis an gcomhad seo a leanas gan pointí breise a asbhaint: 'Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha'.
- Rinneadh an comhad 'Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine leictreonach ó cháin bhreisluacha' a leithdháileadh ar an mBiúró, agus comhaontaíodh a mholadh nós imeachta simplithe a leanúint gan leasuithe faoi Riail 52(1) nua de na Rialacha Nós Imeachta.

## 3. Cruinnithe Choiste ECON in 2025

Iarradh ar an Rúnaíocht dréachtfhéilire modhnaithe a mholadh le níos lú cruinnithe coiste Dé Luain. Chinn an Cathaoirleach gur cheart vótaí Dé Luain a sheachaint, más féidir.

## 4. Grinnscrúdú ar ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme

D'fhormheas na comhordaitheoirí na dréacht-Treoirlínte nuashonraithe maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha tarmligthe agus ar ghníomhartha cur chun feidhme.

Chinn na comhordaitheoirí sliotán grinnscrúdaithe a bheith acu ar CRD/CRR an 23 Meán Fómhair (le COM, ÚBE agus SSM) agus sliotán grinnscrúdaithe ar ELTIF an 30 Meán Fómhair.

## 5. Cruinniú le Coiste Maoirseachta ESMA do chontrapháirtithe lárnacha (CPLanna)

Chinn na comhordaitheoirí cruinniú na gComhordaitheoirí Oscailte a sceidealú (i seomra iata) le Coiste Maoirseachta CPL ESMA (*dáta le deimhniú*).

**6. Rialachas Eacnamaíoch**

- **Idirphléití Eacnamaíocha leis an gCoimisiún Eorpach**

Chomhaontaigh na comhordaitheoirí cuireadh a thabhairt don Choimisiún don chéad Idirphlé in ECON maidir le meánphleananna struchtúracha fioscacha na mBallstát i mí na Samhna (nó i mí na Nollag ar a dhéanaí).

Chinn na comhordaitheoirí an cleachtas roimhe seo a choinneáil, i.e. dhá Idirphlé Eacnamaíocha in aghaidh na bliana maidir leis an Seimeastar i gcomhpháirt le EMPL, agus Idirphlé Eacnamaíoch/Idirphléití Eacnamaíocha ar leithligh le ECON amháin maidir le faireachas fioscach.

- **Ceapacháin**

An Bord Fioscach Eorpach: D'aontaigh na comhordaitheoirí litir a sheoladh chuig an gCoimisiún ina gcuirtear in iúl nach leor spriocdháta míosa amháin do thuairim na Parlaiminte, mar a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún, chun grinnscrúdú cuí a cheadú.

**7. Ceapacháin ÚSAC**

Chomhaontaigh na comhordaitheoirí éisteachtaí a eagrú chun Cathaoirleach an ÚdaráIs um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (ÚSAC) agus Comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin a cheapadh mar a leanas: ba cheart éisteachtaí leis na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta a eagrú *i seomra iata*, agus ba cheart gur éisteacht phoiblí a bheadh san éisteacht leis an iarrthóir faoi seach atá molta.

***<u>Oiliúint éigeantach do na Feisirí</u>***

Áirítear i Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte caighdeáin iompair d'Fheisirí. Ceann de na ceanglais is ea go gcríochnóidh Feisirí an oiliúint chaighdeánaithe arna heagrú ag Parlaimint na hEorpa maidir le coinbhleacht agus ciapadh a chosc san ionad oibre agus maidir le dea-bhainistiú oifige. Tabharfar an oiliúint chun críche laistigh de na chéad 6 mhí de théarma oifige an Fheisire, is é sin faoin 16 Eanáir 2025. Ní fhéadfar Feisirí nach bhfuil an oiliúint curtha i gcrích acu faoin sprioc-am a bheith tofa mar shealbhóirí oifige de chuid na Parlaiminte nó de chuid ceann dá comhlachtaí, ná ní fhéadfar iad a cheapadh mar rapóirtéir, ná ní fhéadfaidh siad a bheith rannpháirteach i dtoscaireacht oifigiúil nó i gcaibidlíocht idirinstitiúideach.

**4. An fhaisnéis is déanaí faoin euro digiteach**
ECON/10/00911

- Malartú tuairimí le Piero Cipollone, Comhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh

**Cinneadh:** Malartú tuairimí

| | |
|---|---|
| **Labhair na daoine seo a leanas:** | Aurore Lalucq, Piero Cipollone, Stefan Berger, Nikos Papandreou, Gilles Boyer, Pasquale Tridico, Fulvio Martusciello, René Repasi, Fidias Panayiotou, Fernando Navarrete Rojas. |

**23 Meán Fómhair 2024, 16.00 – 17.00**

**5. Éisteacht Phoiblí le Dominique Laboureix, Cathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair (BRA)**
ECON/10/00912

| | |
|---|---|
| **Labhair na daoine seo a leanas:** | Aurore Lalucq, Dominique Laboureix, Markus Ferber, Jonás Fernández, Pierre Pimpie, Marlena Maląg, Gilles Boyer, Jussi Saramo, Fernando Navarrete Rojas. |

**23 Meán Fómhair 2024, 17.00 – 18.00**

**6. Grinnscrúdú ar ghníomhartha tarmligthe agus bearta cur chun feidhme**
ECON/10/00913

- Malartú tuairimí maidir le Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún an 24.7.2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (CRR) a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas cistí dílse i gcomhair riosca margaidh

| | |
|---|---|
| **Cinneadh:** | Malartú tuairimí |
| **Labhair na daoine seo a leanas:** | Aurore Lalucq, ionadaí an Choimisiúin, ionadaí ÚBE (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), ionadaí BCE (an Banc Ceannais Eorpach), Jonás Fernández, Ralf Seekatz, Gilles Boyer. |

**7. Aon ghnó eile**

Gnó ar bith

**8. Dáta an chéad chruinnithe eile**

Dé Luain an 30 Meán Fómhair 2024, 15.00 - 18.30

Tháinig deireadh leis an gcruinniú ar 17.47

**ПРИСЪСТВЕН ЛИСТ/LISTA DE ASISTENCIA/PREZENČNÍ LISTINA/DELTAGERLISTE/ ANWESENHEITSLISTE/KOHALOLIJATE NIMEKIRI/ΚΑΤΑΣΤΑΣΗ ΠΑΡΟΝΤΩΝ/RECORD OF ATTENDANCE/ LISTE DE PRÉSENCE/POPIS NAZOČNIH/ELENCO DI PRESENZA/APMEKLĒJUMU REĢISTRS/DALYVIŲ SĄRAŠAS/ JELENLÉTI ÍV/REĠISTRU TA' ATTENDENZA/PRESENTIELIJST/LISTA OBECNOŚCI/LISTA DE PRESENÇAS/ LISTĂ DE PREZENŢĂ/PREZENČNÁ LISTINA/SEZNAM NAVZOČIH/LÄSNÄOLOLISTA/NÄRVAROLISTA**

| |
|---|
| Бюро/Mesa/Předsednictvo/Formandskabet/Vorstand/Juhatus/Προεδρείο/Bureau/Predsjedništvo/Ufficio di presidenza/Prezidijs/ Biuras/Elnökség/Prezydium/Birou/Predsedníctvo/Predsedstvo/Puheenjohtajisto/Presidiet (*) |
| Aurore Lalucq |
| Членове/Diputados/Poslanci/Medlemmer/Mitglieder/Parlamendiliikmed/Βουλευτές/Members/Députés/Zastupnici/Deputati/Deputāti/ Nariai/Képviselõk/Membri/Leden/Posłowie/Deputados/Deputaţi/Jäsenet/Ledamöter |
| Stefan Berger, Gilles Boyer, Markus Ferber, Jonás Fernández, Dirk Gotink, Marlena Maląg, Fulvio Martusciello, Fernando Navarrete Rojas, Denis Nesci, Fidias Panayiotou, Nikos Papandreou, Gaetano Pedulla', Pierre Pimpie, Evelyn Regner, René Repasi, Jussi Saramo, Paulius Saudargas, Ralf Seekatz, Irene Tinagli, Pasquale Tridico, Auke Zijlstra |
| Заместници/Suplentes/Náhradníci/Stedfortrædere/Stellvertreter/Asendusliikmed/Αναπληρωτές/Substitutes/Suppléants/Zamjenici/ Supplenti/Aizstājēji/Pavaduojantysnariai/Póttagok/Sostituti/Plaatsvervangers/Zastępcy/Membros suplentes/Supleanţi/Náhradníci/ Namestniki/Varajäsenet/Suppleanter |
| Fernand Kartheiser |

| |
|---|
| 216 (7) |
| |
| 222 (3) |
| |
| 57 (8) (Точка от дневния ред/Punto del orden del día/Bod pořadu jednání (OJ)/Punkt på dagsordenen/Tagesordnungspunkt/ Päevakorra punkt/Σημείο της ημερήσιας διάταξης/Agenda item/Point OJ/Točka dnevnog reda/Punto all'ordine del giorno/Darba kārtības punkts/Darbotvarkės punktas/Napirendi pont/Punt Aġenda/Agendapunt/Punkt porządku dziennego/Ponto OD/Punct de pe ordinea de zi/Bod programu schôdze/Točka UL/Esityslistan kohta/Punkt på föredragningslistan) |
| |

| По покана на председателя/Por invitación del presidente/Na pozvání předsedy/Efter indbydelse fra formanden/Auf Einladung des Vorsitzenden/Esimehe kutsel/Με πρόσκληση του Προέδρου/At the invitation of the Chair/Sur l’invitation du président/ Na poziv predsjednika/Su invito del presidente/Pēc priekšsēdētāja uzaicinājuma/Pirmininkui pakvietus/Az elnök meghívására/ Fuq stedina taċ-'Chairman'/Op uitnodiging van de voorzitter/Na zaproszenie Przewodniczącego/A convite do Presidente/La invitaţia preşedintelui/ Na pozvanie predsedu/Na povabilo predsednika/Puheenjohtajan kutsusta/På ordförandens inbjudan |
|---|
| |

| Съвет/Consejo/Rada/Rådet/Rat/Nõukogu/Συμβούλιο/Council/Conseil/Vijeće/Consiglio/Padome/Taryba/Tanács/Kunsill/Raad/ Conselho/Consiliu/Svet/Neuvosto/Rådet (*) | |
|---|---|
| | |
| Комисия/Comisión/Komise/Kommissionen/Kommission/Komisjon/Επιτροπή/Commission/Komisija/Commissione/Bizottság/ Kummissjoni/Commissie/Komisja/Comissão/Comisie/Komisia/Komissio/Kommissionen (*) | |
| | |
| Други институции и органи/Otras instituciones y organismos/Ostatní orgány a instituce/Andre institutioner og organer/Andere Organe und Einrichtungen/Muud institutsioonid ja organid/Λοιπά θεσμικά όργανα και οργανισμοί/Other institutions and bodies/Autres institutions et organes/Druge institucije i tijela/Altre istituzioni e altri organi/Citas iestādes un struktūras/Kitos institucijos ir įstaigos/ Más intézmények és szervek/Istituzzjonijiet u korpi oħra/Andere instellingen en organen/Inne instytucje i organy/Outras instituições e outros órgãos/Alte instituții și organe/Iné inštitúcie a orgány/Muut toimielimet ja elimet/Andra institutioner och organ | |
| | |

| Секретариат на политическите групи/Secretaría de los Grupos políticos/Sekretariát politických skupin/Gruppernes sekretariat/ Sekretariat der Fraktionen/Fraktsioonide sekretariaat/Γραμματεία των Πολιτικών Ομάδων/Secretariats of political groups/Secrétariat des groupes politiques/Tajništva klubova zastupnika/Segreteria gruppi politici/Politisko grupu sekretariāts/Frakcijų sekretoriai/ Képviselőcsoportok titkársága/Segretarjat gruppi politiċi/Fractiesecretariaten/Sekretariat Grup Politycznych/Secretariado dos grupos políticos/Secretariate grupuri politice/Sekretariát politických skupín/Sekretariat političnih skupin/Poliittisten ryhmien sihteeristöt/ De politiska gruppernas sekretariat | |
|---|---|
| PPE | |
| S&D | Erik Hormes, Anton Spiteri Shaw |
| PfE | |
| ECR | Jan Dinga, Luc Rochtus |
| Renew | Jesper Krog |
| Verts/ALE | Florian Abadie |
| The Left | Declan O'Farrell |
| ESN | |
| NI | Lawrence Urbain |

| Кабинет на председателя/Gabinete del Presidente/Kancelář předsedy/Formandens Kabinet/Kabinett des Präsidenten/Presidendi kantselei/Γραφείο του Προέδρου/President's Office/Cabinet du Président/Ured predsjednika/Gabinetto del Presidente/Priekšsēdētāja kabinets/Pirmininko kabinetas/Elnöki hivatal/Kabinett tal-President/Kabinet van de Voorzitter/Gabinet Przewodniczącego/Gabinete do Presidente/Cabinet Preşedinte/Kancelária predsedu/Urad predsednika/Puhemiehen kabinetti/Talmannens kansli |
|---|
| |
| Кабинет на генералния секретар/Gabinete del Secretario General/Kancelář generálního tajemníka/Generalsekretærens Kabinet/ Kabinett des Generalsekretärs/Peasekretäri büroo/Γραφείο του Γενικού Γραμματέα/Secretary-General's Office/Cabinet du secrétaire général/Ured glavnog tajnika/Gabinetto del Segretario generale/Ģenerālsekretāra kabinets/Generalinio sekretoriaus kabinetas/ Főtitkári hivatal/Kabinett tas-Segretarju Ġenerali/Kabinet van de secretaris-generaal/Gabinet Sekretarza Generalnego/Gabinete do Secretário-Geral/Cabinet Secretar General/Kancelária generálneho tajomníka/Urad generalnega sekretarja/Pääsihteerin kabinetti/ Generalsekreterarens kansli |
| |

| Генерална дирекция/Dirección General/Generální ředitelství/Generaldirektorat/Generaldirektion/Peadirektoraat/Γενική Διεύθυνση/ Directorate-General/Direction générale/Glavna uprava/Direzione generale/Ģenerāldirektorāts/Generalinis direktoratas/Főigazgatóság/ Direttorat Ġenerali/Directoraten-generaal/Dyrekcja Generalna/Direcção-Geral/Direcţii Generale/Generálne riaditeľstvo/Generalni direktorat/Pääosasto/Generaldirektorat | |
|---|---|
| DG PRES | |
| DG IPOL | Claudia Lindemann |
| DG EXPO | |
| DG EPRS | |
| DG COMM | |
| DG PART | |
| DG PERS | |
| DG INLO | |
| DG TRAD | |
| DG LINC | |
| DG FINS | |
| DG ITEC | |
| DG SAFE | |
| Legal Service | |

* (P) = Председател/Presidente/Předseda/Formand/Vorsitzender/Esimees/Πρόεδρος/Chair/Président/Predsjednik/Priekšsēdētājs/Pirmininkas/Elnök/'Chairman'/Voorzitter/Przewodniczący/Preşedinte/Predseda/Predsednik/Puheenjohtaja/Ordförande
(VP) = Заместник-председател/Vicepresidente/Místopředseda/Næstformand/Stellvertretender Vorsitzender/Aseesimees/Αντιπρόεδρος/Vice-Chair/Potpredsjednik/Vice-Président/Potpredsjednik/Priekšsēdētāja vietnieks/Pirmininko pavaduotojas/Alelnök/ Viċi 'Chairman'/Ondervoorzitter/Wiceprzewodniczący/Vice-Presidente/Vicepreşedinte/Podpredseda/Podpredsednik/Varapuheenjohtaja/Vice ordförande
(M) = Член/Miembro/Člen/Medlem/Mitglied/Parlamendiliige/Βουλευτής/Member/Membre/Član/Membro/Deputāts/Narys/Képviselő/Membru/Lid/Członek/Membro/Membru/Člen/Poslanec/Jäsen/Ledamot
(F) = Длъжностно лице/Funcionario/Úředník/Tjenestemand/Beamter/Ametnik/Υπάλληλος/Official/Fonctionnaire/Dužnosnik/Funzionario/Ierēdnis/Pareigūnas/Tisztviselő/Uffiċjal/Ambtenaar/Urzędnik/Funcionário/Funcţionar/Úradník/Uradnik/Virkamies/Tjänsteman